

Coláiste na bPiarsach

Nuachtlitir

Samhradh 2019

Scoláirí a fuair gradaim an Bhoird Oideachais agus Oiliúna Ghaillimh agus Ros Comáin i 2019. Ina measc tá **Colm Óg Ó Conghaile, Blathnaid Ní Fhátharta, Róisín Ní Shuilleabháin, Íde Ní Chonaire agus Katie Ní Shuilleabháin**. As lathair ar an oíche bhí, **Shauna Ní Laoi** agus **Claire Ní Lochnáin**



Ard Teist 2019

Focal ón bPríomhoide.

A scoilphobal,

Tá bliain scoile eile curtha isteach arís ag scoilphobal Choláiste na bPiarsach agus an bhliain seo imithe níos tapúla ná an ceann a chuaigh roimpi. Mar is iondúil ag an tráth seo den bhliain, tugann sé deis mhachnaimh dúinn ar an méid atá curtha i gcrích ag scoláirí na scoile agus go leor dá réir déanta acu ó thaobh na foghlama sa rang agus imeachtaí timpeall na scoile. Tréasláim le aon ghasúr a chur iad féin chun cinn le linn na bliana.

Bhí searmanas álainn le gairid ag Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe & Ros Comáin nuair a bronnadh duaiseanna aitheantais ar **Cholm Ó Conghaile** as ucht barr maitheasa a bhaint amach i scrúdú na hArdteistiméireachta an bhliain seo caite. Os a chionn sin, bronnadh duais ar **fhoirne díospóireachta na scoile**.

Agus muid ag caint faoi scrúdú na hArdteistiméireachta, guímid chuile rath agus ádh ar scoláirí reatha na hArdteiste agus iad ag fáil faoi réir do na scrúduithe chomh maith le bheith ag críochnú an chuid seo dá n-aistear oideachais linn i gColáiste na bPiarsach. Maraon le chuile bhliain ardteiste eile, aireoidh muid uainn go mór iad. Ar bhealaí, cá ndeachaigh an chúig bhliana sin? Ach táimid mar fhoireann lán-muiníneach go bhfuil siad réidh don chéad staid eile dá dturas tríd an saol. Go n-éirí an bóthar libh **Cian, Ríona, Oisín Mac D, Neasa, Evelyn, Eveline, Lauren, Oisín Ó B, Denis, Oisín Ó C, Tomás, Aaron, Charlie, Lisa, Conchúr agus Martin**. Guímd chuile rath freisin ar ár scoláirí sa Teastas Shóisearach. Táim cinnte, bunaithe ar a gcumas go n-éireoidh go maith leo.

Ní bheidh sé i bhfad anois ach oiread go mbeidh grúpa breá óg eile ag teacht isteach chugainn sa chéad bhliain don bhliain seo chugainn. Ní bheidh an Samhradh i bhfad ag imeacht ach oiread agus mar sin, baineadh sibh ar fad sult asti.

Peadar Ó Loideáin (Príomhoide) agus foireann na scoile

Comórtas Matamaitic

Buaiteóirí an chomórtais Matamaitice Bliain 1 ná **Bláithín Ní Dhonnacha, Jake Ó Conaola** agus **Sally Kate Ní Mhaoileáin** as ucht cur i láthair Matamaiticiúil a rinne siad dár teideal "**Scoláirí na scoile seo agus spóirt**".



Tinreamh

Comhghairdeachas le **Ciara Ní Dhuinnshléibhe, Katie Ní Shúilleabháin, Darren Ó Ceannabháin, Róisín Ní Shúilleabháin agus Íde Ní Chonaire**. Níor cháill ceachtar acu aon lá scoile le linn na scoilbhliana seo.

Lá na nduaiseanna 2019

Scoláirí na Bliana 2019

Cian Bairéad, (Sinsear), Darren Ó Ceannabháin (Sóisear), Róisín Ní Eidhin, (Sóisear) agus Evelyn Ní Ghriallais, (Sinsear).



Corn na bPiarsach - don scoláire is fearr a chuireann an Ghaeilge chun cinn – **Íde Ní Chonaire.**



Duais an Phríomhoide bainte amach ag MacDara Ó Coistealbha, Charlie Ní Mhainín, Clíona Ní Lochnáin agus Aaron Ó Droighneán.

Duaiseanna Ábhair

Gaeilge – Éadaoin Ní Mhainín
Béarla – Aisling Ní Niadh
Mata – Blathnaid Ní Fhátharta
Fraincís – Shauna Ní Laoi
Eolaíocht – Róisín Ní Shúilleabháin
Eac Bhaile – Neasa Nic an Ríogh
Graif Teic. – Sinéad Ní Chlocharta
Stair – Róisín Ní Eidhin
St Gnó- Aisling Ní Niadh
Foirgníocht – Blathnaid Ní Fhátharta
Folláin – Mac Dara Ó Conaire
Nascmhódúil – Róisín Ní Shúilleabháin
OSSP – Cian Ó Cuinn
OSPS – Gráinne Ní Chonaire
Ríomhairí - Ciara Ní Dhuinnshléibhe
Míotalóireacht - Kevin Mac an Iomaire
Ceol – Éadaoin Ní Mhainín



Peil na Gailimhe

Múinteoir Corpoideachais na scoile, **Fiontán Ó Curraoin** in éineacht le grúpa de na scoláirí cúpla lá sular imir sé cluiche leath-cheannais Chonnacht idir Gaillimh agus Sligeach. Guímíid gach rath ar Fhiontán an chuid eile den séasúr.



“Hour of Code”

Mar chuid de Sheachtain na Teicneolaíochta ghlac an chéad bhliain agus an dara bliain páirt in **“Hour of Code”**. Is éard atá i gceist leis sin ná uair a chloig ag obair chun Cód a chruthú. Bhí an-spraoi acu agus fuair siad seans a bheith cruthaitheach lena ríomhairí glúine atá acu.



Tayto Park

Coláiste na bPiarsach, Ros Muc, 091-574100

Ríomhphost; piarsach@gretb.ie

www.coláistenabpiarsach.com

Eagarthóir: Bridie Uí Chonámha

